# Treoir Chumarsáide



Mar chuid de PEACEPLUS ASPIRE, cuirfimid béim ar thionchar an oideachais chomhroinnte ar dhaltaí/leanaí, ar theaghlaigh, ar oideoirí, ar bhaill foirne agus ar an bpobal i gcoitinne.

Trí scéalta ratha agus dea-chleachtas a roinnt ar fud an tionscadail neartófar torthaí an tionscadail agus cinnteofar go gcruthóidh PEACEPLUS ASPIRE oidhreacht láidir, lán de bhrí.

Sa treoir seo tugtar comhairle maidir le conas is féidir le do scoil/suíomh a gcuid oibre PEACEPLUS ASPIRE a cheiliúradh agus a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí cumarsáide a bhfuil éifeacht leo.

# Ardáin Chumarsáide

Trí mheáin shóisialta a úsáid, is féidir le scoileanna/suíomhanna físeáin agus pictiúir ó sheisiúin chomhroinnte a roinnt, rud a chuireann beatha sa tionscadal do lucht spéise mór. Tugann na meáin shóisialta deis mhaith leis, guth an linbh/an dalta (i bhfocail agus gan focail a úsáid) agus rannpháirtíocht na leanaí/na ndaltaí a roinnt.



Is féidir é seo a bhailiú ar bhealaí éagsúla, trí bhreathnuithe, trí roghanna agus spéiseanna na leanaí/na ndaltaí a leanúint, trí ghearragallaimh a dhéanamh, trí iarraidh ar na leanaí/daltaí pictiúirí a tharraingt nó trí físeáin agus pictiúir a roinnt a chuireann béim ar thionchar na seisiún ar leanaí/daltaí an dá shuímh.

Is féidir guthanna na dtuismitheoirí nó bhaill an phobail a léiriú freisin trí ghearragallaimh nó aiseolas i scríbhinn ar choinníoll go bhfuil toiliú tugtha acu lena gcuid rannchuidithe a úsáid ar an mbealach seo.

**Is breá linn bhur ngníomhaíochtaí a fheiceáil ar na meáin shóisialta! Cuir clibeanna orainn agus roinnfimid do phoist aon uair is féidir linn.**

## Brandáil PEACEPLUS ASPIRE

Nuair a bhíonn gníomhaíocht PEACEPLUS ASPIRE á roinnt ar na meáin shóisialta, moltar do scoileanna/suíomhanna na haischlibeanna seo a leanas a úsáid;

#PEACEPLUS
#PEACEPLUSASPIREOideachasComhroinnte
#OideachasComhroinnte

Cuirfidh sé seo le hinfheictheacht an ábhair agus meallfaidh sé níos mó suim.



## Ná Meáin Áitiúla

Más spéis le do scoileanna/suíomhanna go bpléifí a gcuid seisiún comhroinnte sna meáin áitiúla agus más mian leo cabhair, amhail preasráiteas nó tacaíocht chun ábhar meán a tháirgeadh, is féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha a sannadh dóibh.



## Gníomhaíochtaí Cumarsáide

Beidh comhpháirtithe PEACEPLUS ASPIRE i gceannas ar réimse gníomhaíochtaí cumarsáide ar fud an tionscadail. Áirítear orthu an t-eolas is deireanaí a chur suas ar na meáin shóisialta go rialta, físeáin agus nuachtlitreacha.

Leagfaidh siad seo béim ar na buntáistí a bhaineann le hoideachas comhroinnte agus taispeánfaidh siad éachtaí, dea-chleachtas agus saineolas ar fud na suíomhanna comhpháirtíochta.

**Cuirimid fáilte roimh ghrianghraif agus físeáin ó chomhpháirtíochtaí chun cabhrú le tionchar PEACEPLUS ASPIRE a léiriú. Is féidir ábhar a roinnt trí ríomhphost.**

**Ná bíodh físeáin níos faide ná dhá nóiméad; d'fhéadfadh go ndéanfaí eagarthóireacht ar chinn níos faide.**

# Ag caint faoi PEACEPLUS ASPIRE

**Tacaíonn PEACEPLUS clár atá á bhainistiú ag an gComhlacht um Chláir Speisialta AE (SEUPB), le PEACEPLUS ASPIRE.**

Tá sé mar aidhm ag PEACEPLUS ASPIRE síocháin, athmhuintearas agus comhar a chothú trí Oideachas Comhroinnte. Trí Oideachas Comhroinnte a fhí isteach ó aois óg, cuidíonn an tionscadal le sochaí a chruthú ina gceiliúrtar difríochtaí, agus ina mbíonn pobail faoi bhláth le chéile. Trí thionscadail chomhroinnte agus comhar gairmiúil táimid ag cabhrú chun tuiscint, meas agus naisc bhuana a thógáil thar scoilteanna atá ann le fada an lá agus mar fhreagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn.

## Príomhtheachtaireachtaí

Nuair a labhraímid faoi chomhpháirtíochtaí oideachais chomhroinnte, ba mhaith linn béim a leagan ar an méid seo a leanas:



### Forbraíonn sé scileanna déanta síochána i ndaoine óga

- Cothaíonn na gníomhaíochtaí comhbhá, rialú mothúchánach agus an cumas dearcthaí a ghlacadh. Cleachtann daltaí/leanaí idirbheartaíocht, réiteach fadhbanna agus réiteach coinbhleachta.
- Is scileanna don saol iad seo agus don cheannaireacht i dtodhchaí chomhroinnte.
- Neartaíonn sé comhar idir baill foirne
- Roinneann oideoirí saineolas, déanann siad pleanáil le chéile agus foghlaimíonn siad óna chéile.
- Méadaíonn muinín ghairmiúil agus nuálaíocht trí chleachtas comhpháirteach.

### Cuidíonn sé le pobail shíochánta a thógáil agus dul i ngleic le dúshláin shochaíocha i gcoitinne

- Léiríonn na gníomhaíochtaí ár gcomhthéacs áitiúil agus ceiliúrann siad éagsúlacht.
- Foghlaimíonn daltaí/leanaí tuiscint a fháil ar dhifríocht agus aird a thabhairt uirthi.
- Cuidíonn oideachas comhroinnte le deighilt a laghdú agus braistint chomhroinnte muintearais a chothú.
- Dul i ngleic le polarú méadaithe, dúshlán a chur faoi mhífhaisnéis agus na meáin shóisialta.

## Conas Labhairt Faoi

- Dírigh ar spriocanna comhroinnte agus ar thionchar dearfach (“táimid ag foghlaim le chéile chun níos mó a bhaint amach”).
- Bain úsáid as samplaí a léiríonn tógáil caidrimh, comhar agus nasc seachas difríocht.
- Nasc idir foghlaim ar scoil/i suíomh agus leasanna pobail

# Leideanna maidir le Teistiméireachtaí Físe a Thaifeadadh

Trí theistiméireachtaí físe a thaifeadadh is féidir tionchar fíorshaoil PEACEPLUS ASPIRE a chur in iúl ar shlí iontach. Seo daoibh roinnt leideanna praiticiúla chun físeáin ardchaighdeáin a chinntiú:



**1. An Chumraíocht a Ullmhú**

- **Úsáid Mód Tírdhreacha**: rothlaigh do ghuthán nó do cheamara go cothrománach i gcónaí.
- Cinntíonn sé seo go líonann an físeán an scáileán i gceart agus go bhfuil dealramh gairmiúil air.
- **Tá Dea-Shoilsiú Fíorthábhachtach:** is fearr solas nádúrtha—cuir na daltaí/leanaí nó na hoideoirí in aice le fuinneoga (gan an solas a bheith go díreach taobh thiar díobh). Más laistigh atá tú, bain úsáid as lampaí breise chun scáthanna a laghdú.
- **Laghdaigh Torann Cúlra**: Aimsigh spás ciúin agus seachain áiteanna glóracha.
- **Cabhraigh leis na leanaí labhairt amach go soiléir:** spreag iad chun aoibh gháire a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as a gcuid smaointe a roinnt.

**2. An Teistiméireacht a Thaifeadadh**

- Iarr ar do scoláirí an cheist a athrá nó a bhfreagra a mhíniú tuilleadh ar mhaithe le soiléireacht.
- Má thugann siad freagraí gearra, is féidir leat iad a spreagadh chun beagán níos mó a chur leis:
- ❌ "Bhaineamar spraoi as."
- ✅ “Ba é an chuid is ansa liom ná bheith ag obair le daltaí ó scoileanna eile mar bhaineamar spraoi as foghlaim faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá againn.”
- Bíodh gach gearrthóg gearr, nádúrtha - thart ar 30 go 60 soicind.


# Treoir Mhearthosaithe

## Cumarsáid Éifeachtach: Ardáin Chumarsáide

- [ ] **Meáin Shóisialta**



- [ ] **Suíomh Gréasáin na Scoile (blag, leathanach eolais)**



- [ ] **Ábhair Fuaime / Ábhair Físe**



- [ ] **Imeachtaí: Oíche Tuismitheoirí**
- [ ] **Nuachtlitir**
- [ ] **Foilseachán: Leabhrán Tionscadail**
- [ ] **Tuairisciú**

# Déan Teagmháil Linn

**EDUCATION AUTHORITY**
Ríomhphost: peaceplusaspire@eani.org.uk
Fón: 028 9056 4000

**EARLY YEARS - THE ORGANISATION FOR YOUNG CHILDREN**
Ríomhphost: PPAspire.preschool@early-years.org
Fón: +44 (0)28 9066 2825 (ext 4)

**LÉARGAS**
Ríomhphost: peaceplusaspire@leargas.ie
Fón: (01) 873 1411 (ext 6)

**NATIONAL CHILDHOOD NETWORK**
Ríomhphost: info@ncn.ie
Fón: +353 47 72469

## Cosaint Sonraí

Tá sé riachtanach go mbeadh foirm toilithe sínithe ag gach scoil/suíomh ó thuismitheoir/chaomhnóir gach dalta/linbh sula nglacann siad páirt in aon ghníomhaíocht taifeadta. Áirítear leis seo taifeadtaí fuaime nó amhairc agus grianghraif. Ba chóir foirmeacha toilithe a choinneáil le haghaidh do chuid taifead.

Tá sé tábhachtach an deis chéanna a bheith ag gach dalta/leanbh páirt iomlán a ghlacadh i ngach seisiún nó gníomhaíocht oideachais chomhroinnte. Mura bhfuil foirmeacha toilithe sínithe ag duine óg éigin, ba chóir leanúint leis an seisiún ach a chinntiú NACH ndéantar taifeadadh ná grianghraf a thógáil díobh siúd nach bhfuil toiliú acu.

PEACEPLUS Northern Ireland - Ireland
Co-funded by the European Union | UK Government
Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Northern Ireland Executive

PEACEPLUS ASPIRE